Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12198/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0310 (COD)**

**SOC 518**
**EMPL 289**
**CODEC 1508**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 388 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis na sonraí agus an fhaisnéis arna dtarchur ag na Ballstáit maidir le cosaint pá íosta agus na pleananna gníomhaíochta chun cómhargáil a chur chun cinn, de bhun Airteagal 10(3) de Threoir (AE) 2022/2041 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 388 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 388 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.7.2026
COM(2026) 388 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir leis na sonraí agus an fhaisnéis arna dtarchur ag na Ballstáit maidir le cosaint pá íosta agus na pleananna gníomhaíochta chun cómhargáil a chur chun cinn, de bhun Airteagal 10(3) de Threoir (AE) 2022/2041**

{SWD(2026) 237 final}

# Clár na nÁbhar

RÉAMHRÁ ..... 3

CUID I: SONRAÍ AGUS FAISNÉIS MAIDIR LE COSAINT PÁ ÍOSTA ..... 4

CUID II: PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA CHUN AN CHÓMHARGÁIL A CHUR CHUN CINN ..... 11

CONCLÚID ..... 15

# RÉAMHRÁ

Le Treoir (AE) 2022/2041([1]) (an 'Treoir maidir le Pá Íosta' nó an 'Treoir'), bunaítear creat le haghaidh leordhóthanacht an phá íosta reachtúil, lena gcuirtear an chómhargáil maidir le pá a shocrú chun cinn agus lena bhfeabhsaítear rochtain éifeachtach na n-oibrithe ar chosaint pá íosta. Tá sé ar cheann de phríomhspriocanna insoláthartha Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta([2]) , go háirithe Prionsabal 6 maidir le pá.

Leis an Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit uile sonraí agus faisnéis maidir le cosaint pá íosta a thuairisciú go tráthrialta (Airteagal 10(2)). Braitheann oibleagáidí tuairiscithe sonracha ar an gcóras cosanta pá íosta atá ann i mBallstát. Ceanglaítear freisin leis an Treoir go mbunóidh na Ballstáit sin ina bhfuil ráta cumhdaigh na cómhargála faoi bhun na tairsí 80 % pleananna gníomhaíochta um chur chun cinn na cómhargála (Airteagal 4(2)).

Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 10(3) den Treoir ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis arna dtarchur ag na Ballstáit chomh maith lena bpleananna gníomhaíochta, agus tuarascáil a dhéanamh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an ábhar sin gach dara bliain.

Is í seo an chéad tuarascáil thréimhsiúil a ullmhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 10(3). Tá dhá chuid inti:

- Cuid I maidir leis na sonraí agus an fhaisnéis faoi chosaint pá íosta arna dtarchur ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den Treoir, lena gcumhdaítear 2021, 2022 agus 2023. Ós rud é go gceadaítear leis an Treoir do na Ballstáit rogha nach beag a fheidhmiú sa tuairisciú uathu, d'fhéadfadh sé nach ionann na sonraí agus an fhaisnéis sin agus na staitisticí maidir leis an bpá íosta arna bhfoilsiú ag Eurostat ([3]).

- Cuid II maidir leis na pleananna gníomhaíochta chun an chómhargáil a chur chun cinn arna mbunú ag na Ballstáit ag a bhfuil ráta cumhdaigh cómhargála faoi bhun 80 %, de bhun Airteagal 4(2) den Treoir.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit agus ag foinsí eile atá ar fáil go poiblí. Tá sé gan dochar don mheasúnú comhlíontachta atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na bearta náisiúnta trasuite, ná don seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh in aon imeacht dlíthiúil amach anseo.

Tá Doiciméad Inmheánach Oibre([4]) ag gabháil leis an tuarascáil, ina soláthraítear tuilleadh sonraí maidir leis an anailís agus ina bhfoilsítear na sonraí agus an fhaisnéis arna dtarchur ag na Ballstáit mar a cheanglaítear leis an Treoir.

---

([1])Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach, https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2022/2041/oj/ga

([2])An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, (2017/C 428/09), https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/policies-and-activities/european-pillar-social-rights-building-fairer-and-more-inclusive-european-union_ga

([3])Foilsíonn Eurostat staitisticí maidir leis an bpá íosta bunaithe ar shonraí inchomparáide agus comhchuibhithe. Féach: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Minimum_wage_statistics

([4])SWD(2026)237

## CUID I: SONRAÍ AGUS FAISNÉIS MAIDIR LE COSAINT PÁ ÍOSTA

**Tá cosaint pá íosta ann sna Ballstáit uile, i bhfoirm pá íosta reachtúil nó tríd an gcómhargáil.** Tuairiscíonn 20 Ballstát go bhfuil pá íosta reachtúil acu, agus ní sholáthraítear cosaint pá íosta ach trí chomhaontuithe comhchoiteanna amháin i seacht mBallstát (Tábla 1). Tá an t-idirdhealú sin criticiúil, ós rud é nach bhfuil feidhm ag forálacha áirithe den Treoir ach amháin maidir le Ballstáit a bhfuil pá íosta reachtúil acu.

**Tábla 1:** An príomhchóras cosanta pá íosta, arna fhéintuairisciú ag na Ballstáit

| | |
|---|---|
| Pá íosta náisiúnta | An Bhulgáir, an Chipir, an Chróit([5]), Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an Ungáir |
| Cosaint pá íosta dá bhforáiltear i gcomhaontuithe comhchoiteanna amháin: | An Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Iodáil, an Ostair, an tSualainn |

*Pá íosta náisiúnta*

**Tá éagsúlacht nach beag ann idir leibhéil an phá íosta reachtúil ó Bhallstát go chéile i dtéarmaí ainmniúla** (Graf 1) ([6]). In 2023, thuairiscigh Lucsamburg (EUR 2 509 in aghaidh na míosa), an Ghearmáin (EUR 2 023), agus an Ísiltír (EUR 1 965) an pá íosta ab airde, agus Éire (EUR 1 910) agus an Fhrainc (EUR 1 735) ina ndiaidh sin. Sa Spáinn agus sa tSlóivéin, is thart ar EUR 1 200 a bhí sé. I naoi mBallstát ([7]), bhí sé idir EUR 700 agus EUR 940. Bhí an pá íosta is ísle le fáil sa Bhulgáir (EUR 399), agus ina diaidh sin san Ungáir (EUR 615), sa Laitvia (EUR 620) agus sa Rómáin (EUR 622).

**Graf 1**: Leibhéil an ollphá íosta mhíosúil reachtúil san Aontas (in EUR)




*Nóta: Níor thuairiscigh an tSlóivéin sonraí ach le haghaidh 2023 amháin. Thug an Chipir pá íosta reachtúil isteach in 2023.*

([5])Thug an Chipir pá íosta náisiúnta reachtúil isteach in 2023. In 2021 agus 2022, rinneadh foráil maidir le cosaint pá íosta i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó, in earnálacha áirithe, trí phá íosta earnáilsonrach.

([6])Ar mhaithe le hinchomparáideacht níos fearr, comhshódh an pá íosta reachtúil tuairiscithe i meáin ualaithe an phá íosta míosúil i gcaitheamh na bliana.

([7])An Chipir, an Chróit, an Ghréig, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSeicia agus an tSlóvaic.

*Foinse: Aighneachtaí ó na Ballstáit, arna gcomhshó in EUR agus i meánleibhéil an phá mhíosúla.*

**Tá éagothromaíochtaí sa phá íosta reachtúil ó Bhallstát go chéile cuid mhaith níos lú tar éis difríochtaí sna leibhéil praghsanna a chur san áireamh.** I dtéarmaí ainmniúla euro, tá an t-ollphá íosta míosúil is airde san Aontas thart ar sé huaire níos mó ná an t-ollphá míosúil is ísle. Mar sin féin, tá an difríocht sin, idir an t-ollphá íosta míosúil is airde, níos lú ná trí huaire níos mó ná an t-ollphá míosúil ísle nuair a shloinntear i gcaighdeáin cumhachta ceannaigh é, ós rud é go mbíonn an leibhéal praghsanna níos ísle go hiondúil sna Ballstáit ina bhfuil pá íosta níos ísle. I gcaighdeáin cumhachta ceannaigh, in 2023, bhí an t-ollphá íosta míosúil is airde i Lucsamburg agus sa Ghearmáin, agus san Ísiltír agus sa Fhrainc ina ndiaidh. Tuairiscíodh an pá íosta reachtúil is ísle sa Bhulgáir agus sa Laitvia agus sa tSeicia ina diaidh.

**D'fhás an pá íosta reachtúil níos tapúla i dtíortha ina raibh leibhéil níos ísle ar dtús, rud a thacaigh leis an gcóineasú aníos.** I gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir, tháinig laghdú ar an éagsúlacht i bpá íosta ainmniúil ar fud na mBallstát idir 2021 agus 2023. Tacaíodh leis sin le breith suas na mBallstát ag a raibh leibhéil ainmniúla níos ísle ar dtús, amhail an Ungáir agus an Rómáin, a thaifead an fás ainmniúil is mó le linn na tréimhse (40,8 % agus 33,7 %, faoi seach). Leanadh den chóineasú aníos sin ar phá íosta reachtúil i dtéarmaí ainmniúla tar éis na tréimhse tagartha.

**Sa tréimhse ó 2021 go 2023, fritháirítear caillteanais sa chumhacht cheannaigh mar gheall ar an mboilsciú ard le méaduithe ar an bpá íosta reachtúil i dtuairim is leath de na Ballstáit** (Graf 2). In 2023, bhí an fíorphá íosta reachtúil níos airde i gcomparáid le 2021 i 10 gcinn de na 18 mBallstát a raibh sonraí ar fáil ina leith([8]) . Taifeadadh na méaduithe is mó i dtéarmaí réadacha sa Ghearmáin (9 %) agus sa Rómáin (8,7 %), agus taifeadadh gnóthachain os cionn 2 % san Ungáir (4,3 %), sa Chróit (3,5 %) agus sa Ghréig (3,1 %).Taifeadadh méaduithe níos measartha (faoi bhun 2 %) i Lucsamburg, sa Liotuáin, sa Spáinn, sa Pholainn agus sa Phortaingéil. I gcodarsnacht leis sin, taifeadadh laghduithe beaga níos lú ná - 1 % san Ísiltír agus sa Fhrainc, agus tharla laghduithe níos suntasaí idir - 2 agus - 5 % sa Bhulgáir, in Éirinn, sa Laitvia agus i Málta.Chonacthas na caillteanais is mó i bhfíorphá íosta reachtúil sa tSlóvaic (- 9,7 %) agus sa tSeicia (- 11,4 %), áit nach ndearnadh ach méaduithe teoranta ar an bpá íosta mar gheall ar bhoilsciú réasúnta ard ([9]).

([8])I gcás na Cipire agus na Slóivéine, níorbh fhéidir rátaí fáis a ríomh toisc nár chuir an tSlóivéin sonraí isteach ach le haghaidh 2023 amháin, agus toisc gur thug an Chipir pá íosta reachtúil isteach in 2023.

([9])Le méaduithe a tharla ina dhiaidh sin lasmuigh den tréimhse tuairiscithe, fritháiríodh caillteanas na cumhachta ceannaigh ar fud an Aontais a thuilleadh. Féach, mar shampla, An Coimisiún Eorpach, *Labour market and wage developments in Europe – Annual review 2025* [Forbairtí sa mhargadh saothair agus maidir leis an bpá san Eoraip – Athbhreithniú bliantúil 2025], 2025.

**Graf 2:** Forbairtí maidir leis an bpá íosta reachtúil




*Nóta:* *Níor thuairiscigh an tSlóivéin sonraí ach le haghaidh 2023 amháin. Thug an Chipir pá íosta reachtúil isteach in 2023.*

*Foinse:* *Ríomhanna bunaithe ar aighneachtaí ó na Ballstáit féin.*

**In 2023, ba é an pá íosta reachtúil 60 % den ollphá airmheánach nó os a chionn i sé Bhallstát agus os cionn 50 % den mheán-ollphá i gceithre cinn díobh** (Graf 3). Shroich an pá íosta reachtúil 60 % den phá airmheánach sa Phortaingéil, sa tSlóivéin, sa Fhrainc, sa Pholainn, sa Ghearmáin agus sa Ghréig. Bhí an Ísiltír, Lucsamburg, an Rómáin, an Spáinn, an Chipir, an Ungáir agus an Chróit laistigh de chúig phointe céatadáin den luach tagartha táscach 60 %, agus shroich cúig Bhallstát luachanna idir 50 % agus 54 % den phá airmheánach([10]) . Bhí an leibhéal is ísle ar an innéacs sin ag an Laitvia agus ag Málta in 2023, agus níos lú ná 50 % i gceist. Feictear pictiúr comhchosúil agus scrúdú á dhéanamh ar leibhéil an phá íosta i gcoibhneas leis an meánphá. Bhí leibhéil an phá íosta reachtúil os cionn 50 % den mheánphá sa tSlóivéin, sa Fhrainc, san Ísiltír agus sa Ghearmáin, agus bhí an Ghréig, an Phortaingéil agus an Pholainn laistigh d’aon phointe céatadáin den luach sin.

**Graf 3:** Cóimheas idir an pá íosta reachtúil agus an meánphá airmheánach agus an meánphá, 2023




([10])An tSlóvaic, Éire, an Bhulgáir, an Liotuáin agus an tSeicia.

*Foinse: Ríomhanna bunaithe ar aighneachtaí ó na Ballstáit féin agus ríomhanna an phá airmheánaigh agus an mheánphá ag Eurostat trí úsáid a bhaint as an Suirbhé ar struchtúr tuillimh (SES).*

**Idir 2021 agus 2023, tháinig méadú níos tapúla ar an bpá íosta náisiúnta ná mar a tháinig ar an bpá airmheánach i bhformhór na mBallstát.** Tharla an méadú is mó ar an gcóimheas idir pá íosta reachtúil agus pá airmheánach sa Ghearmáin, áit ar tháinig méadú 8,1 pointe céatadáin air idir 2021 agus 2023. I measc na mBallstát eile ar bhain méaduithe nach beag ar an gcóimheas sin dóibh bhí an Ísiltír, an Ghréig, an Phortaingéil, an Spáinn agus an Ungáir (2 go 3 phointe céatadáin), agus taifeadadh méaduithe níos lú sa Fhrainc, sa tSeicia, sa Laitvia, sa Rómáin, sa Liotuáin, in Éirinn, i Lucsamburg agus sa Pholainn (0,5 go 2 phointe céatadáin). Níor tháinig fás níos moille ar an bpá íosta níos moille ná mar a tháinig ar an bpá airmheánach ach amháin sa Chróit, i Málta, sa tSlóvaic agus sa Bhulgáir (- 0,2 go - 4,8 pointe céatadáin). Tugann na forbairtí sin le fios gur comhbhrúdh an pá ag bun dháileadh an phá, ós rud é go raibh leibhéal an phá íosta reachtúil ag teacht i ngiorracht an airmheáin i bhformhór na mBallstát. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur laghdaíodh an bhearna idir pá íseal agus pá airmheánach a thuilleadh de thoradh éifeachtaí seach-iarmharta ar phá a bhí gar don phá íosta, tar éis do mhéadú a bheith déanta ar an bpá íosta.

**Tá éagsúlacht mhór ann idir sciar na n-oibrithe a thuilleann an pá íosta reachtúil ó Bhallstát go chéile, agus tá athruithe bliantúla teoranta ann.** Thuairiscigh na Ballstáit sciartha idir 1 % agus 25 %, ach tá inchomparáideacht na sciartha sin idir tíortha éagsúla an-teoranta mar gheall ar dhifríochtaí i bhfoinsí sonraí agus i modheolaíochtaí([11]). Bhí sciar na n-oibrithe a thuilleann an pá íosta níos airde go hiondúil i measc oibrithe óga, oibrithe i gcuideachtaí beaga agus oibrithe sna hearnálacha tógála, fáilteachais, riaracháin agus na seirbhísí tacaíochta. I bhformhór na mBallstát a thuairiscigh dí-chomhiomlánú inchomparáide, is i measc na mban a bhí an sciar níos airde d'oibrithe ar phá íosta. Idir 2021 agus 2023, bhí na sciartha mórán mar a chéile, gan ach athruithe níos lú ná aon phointe céatadáin amháin ann san Ungáir, sa tSeicia, sa Laitvia, sa Liotuáin, san Ísiltír, i Lucsamburg, i Málta agus in Éirinn. Tháinig laghdú idir aon phointe céatadáin agus dhá phointe céatadáin ar an sciar sa Pholainn agus sa tSlóvaic, agus laghdú beagnach trí phointe céatadáin air sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Phortaingéil. I gcodarsnacht leis sin, tháinig méadú beagán níos mó ná aon phointe céatadáin air sa Spáinn, agus idir ceithre agus sé phointe céatadáin air sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa Rómáin. Tugann na méaduithe níos mó ar sciar na n-oibrithe ar phá íosta le fios gur comhbhrúdh an pá ag bun dháileadh an phá.

**Ceadaíonn Ballstát áirithe d'fhostóirí pá faoi bhun an phá íosta reachtúil a íoc le grúpaí sonracha oibrithe.** Is é is aidhm d'éagsúlachtaí le haghaidh oibrithe óga (an Chipir, Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, Lucsamburg, Málta), fostaithe a fostaíodh le déanaí (an Chipir, an Ghearmáin) nó oibrithe faoi mhíchumas (an Ísiltír, an Phortaingéil) lánpháirtiú na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair a éascú. Maidir le héagsúlachtaí le haghaidh na mac léinn, printíseach agus oiliúnaithe (an Fhrainc, an Ísiltír, an Phortaingéil) tá aidhm bhreise i gceist, is é sin fostóirí a spreagadh chun gairmoiliúint a sholáthar.

**Ina theannta sin, cuireann roinnt Ballstát éagsúlachtaí i bhfeidhm maidir leis an bpá íosta reachtúil d'oibrithe i réigiúin, in earnálacha nó i ngairmeacha sonracha.** Tugtar údar leo sin go hiondúil mar gheall ar an staid eacnamaíoch sa réigiún (amhail Mayotte, roinn thar lear de chuid na Fraince) nó mar gheall ar an gcineál ar leith a bhaineann leis an earnáil nó leis an ngairm. Sa Chipir, tá oibrithe i dtionscal na n-óstán faoi réir pá íosta earnáilsonrach agus

([11])Léiríonn sonraí comhchuibhithe arna bhfoilsiú ag Eurostat go raibh sciar na n-oibrithe a bhí ag tuilleamh níos lú ná 105 % den phá íosta reachtúil idir 2,6 % sa tSeicia agus 13,0 % sa Bhulgáir in 2022.

gairmshonrach, atá ar bhonn chomhaontú leis na comhpháirtithe sóisialta. Sa Fhrainc, i gcás éagsúlachtaí le haghaidh feighlithe leanaí agus cúramóirí, is é aidhm dóibh cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna na n-oibrithe sna gairmeacha sin agus leasanna a bhfostóirí, lena n-áirítear an gá go mbeadh na seirbhísí cúnaimh sin ina seirbhísí inacmhainne i gcónaí. Tá sé d'aidhm ag pá íosta níos ísle d'oibrithe atá ag gabháil d'oibreacha poiblí san Ungáir agus do phríosúnaigh sa Laitvia, faoi seach, oibrithe a spreagadh chun fostaíocht a lorg san earnáil phríobháideach agus tacú lena n-athimeascadh. I gcodarsnacht leis sin, tá éagsúlachtaí tugtha isteach ag Málta agus ag an Rómáin lena gceanglaítear ar fhostóirí pá níos mó ná an pá íosta reachtúil a íoc le fostaithe in earnálacha a ndéanann luaineacht eacnamaíoch difear dóibh nó i gcás ina mbeidh níos lú cumhachta margála ag oibrithe.

**Ceadaíonn roinnt Ballstát d'fhostóirí asbhaintí a chur i bhfeidhm, rud a d'fhéadfadh an luach saothair a íoctar le fostaí a laghdú go leibhéal atá faoi bhun an phá íosta reachtúil.** D'fhéadfadh baint a bheith acu le tithíocht arna soláthar ag an bhfostóir (an Chipir, Éire, an Ísiltír), bia (an Chipir, Éire), árachas sláinte (an Ísiltír), fíneálacha as neamhláithreachtaí gan údar agus sáruithe ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta (an Pholainn), cúiteamh i leith damáiste a rinneadh don fhostóir (an Liotuáin, an Pholainn), chomh maith le híocaíochtaí tacaíochta leanaí agus asbhaintí eile arna gceadú ar bhonn riaracháin nó breithiúnach (an Chróit, an Fhrainc, an Liotuáin, an Pholainn, an tSeicia). I mórán cásanna, cuirtear teorainn le méid na n-asbhaintí sa chaoi nach n-asbhaintear ach céatadán sonraithe de phá an oibrí (idir 5 % agus 30 % i gcoitinne). Ní fhéadfar asbhaintí eile a chur i bhfeidhm ach amháin ar choinníoll go ráthaítear íosleibhéal ioncaim don fhaighteoir.

*Cosaint pá íosta dá bhforáiltear i gcomhaontuithe comhchoiteanna amháin:*

**Tá éagsúlacht mhór ann idir na rátaí pá is ísle i gcomhaontuithe comhchoiteanna lena gcumhdaítear oibrithe ar phá íseal ([12]) ar fud na mBallstát lena mbaineann** (Graf 4). In 2023, thaifead an Danmhairg an ráta ab airde (EUR 2 807 in aghaidh na míosa), agus bhí an Bheilg ina diaidh (EUR 1 955). Tuairiscíodh rátaí pá idir EUR 1 600 agus EUR 1 800 i gcás na Sualainne (EUR 1 762), na hOstaire (EUR 1 750), na hIodáile (EUR 1 659)([13]) agus na Fionlainne (EUR 1 642), agus thuairiscigh an Eastóin an ráta pá ab ísle (EUR 725)([14]). Sna Ballstáit sin, thuill oibrithe nár cumhdaíodh le comhaontú comhchoiteann iad níos lú i gcoitinne ná na hoibrithe sin a bhí cumhdaithe.

**Graf 4**: Na rátaí pá míosúla is ísle dá bhforáiltear i gcomhaontuithe comhchoiteanna (in EUR)




*Nóta:* *Sa tSualainn, is athruithe ar an ráta malairte is cúis leis an laghdú ar na rátaí ainmniúla pá is ísle in euro. Tháinig méadú ar an méid ainmniúil san airgeadra náisiúnta i gcaitheamh na tréimhse. Níor thuairiscigh an Iodáil sonraí ach le haghaidh 2023 amháin.*

*Foinse:* *Aighneachtaí ó na Ballstáit, arna gcomhshó in EUR agus i leibhéil an phá mhíosúla.*

**Tá éagothromaíochtaí sna rátaí pá is ísle a comhaontaíodh go comhchoiteann ó Bhallstát go chéile níos lú tar éis difríochtaí sna leibhéil praghsanna a chur san áireamh.** In 2023, bhí na rátaí pá ainmniúla is ísle sa Danmhairg beagnach ceithre huaire níos mó ná mar a bhí san Eastóin. Nuair a shloinntear iad i gcaighdeáin cumhachta ceannaigh mar choigeartú i bhfianaise go mbíonn an leibhéal praghsanna níos airde go hiondúil sna Ballstáit a bhfuil rátaí pá níos airde acu, laghdaítear an difríocht sin sa chaoi nach bhfuil na rátaí pá sin ach níos lú ná trí huaire mó ná rátaí na hEastóine. Maidir le caighdeáin cumhachta ceannaigh, in 2023, bhí na rátaí is airde, de na rátaí pá is ísle a comhaontaíodh go comhchoiteann, sa Danmhairg, agus ina diaidh sin san Iodáil, sa Bheilg, san Ostair, sa tSualainn agus san Fhionlainn. Is san Eastóin – go mór fada – a taifeadadh na rátaí pá is ísle i dtéarmaí cumhachta ceannaigh.

**I bhformhór na mBallstát a bhí ag brath ar an gcómhargáil amháin, bhí méaduithe ar na rátaí pá is ísle a comhaontaíodh go comhchoiteann níos lú ná an boilsciú le linn na tréimhse tagartha** (Graf 5). Idir 2021 agus 2023, tháinig laghdú idir - 5 % agus - 10 % ar chumhacht cheannaigh na n-oibrithe ar an ráta pá is ísle sna tíortha uile seachas san Ostair agus

([12]) Sainmhíníonn Eurostat oibrithe ar phá íseal mar fhostaithe a thuilleann dhá thrian nó níos lú den olltuilleamh airmheánach náisiúnta in aghaidh na huaire. Mar sin féin, ceadaítear leis an Treoir do na Ballstáit a sainmhínithe féin a úsáid.

([13]) Thuairiscigh an Iodáil an ráta pá ag an 25ú peircintíl, seachas an ráta pá is ísle, de na comhaontuithe comhchoiteanna roghnaithe lena gcumhdaítear oibrithe ar phá íseal.

([14])Shainaithin na Ballstáit comhaontuithe comhchoiteanna lena gcumhdaítear oibrithe ar phá íseal agus chuir siad isteach sonraí maidir leis na rátaí pá is ísle atá le fáil ina measc.

sa Bheilg. Taifeadadh an caillteanas ba mhó sa tSualainn (- 10 %). Taifeadadh caillteanais a bhí níos lú ach mór fós san Fhionlainn (- 7 %), sa Danmhairg (- 6 %) agus san Eastóin (- 5 %). San Ostair, bhí na rátaí pá is ísle mórán mar a chéile i dtéarmaí réadacha (0,2 %), agus is fás 3 % a tháinig orthu sa Bheilg.

**Graf 5:** Fíorfhás ar rátaí pá is ísle, 2021-2023




*Nóta: Ní raibh rátaí fáis le haghaidh na hIodáile ar fáil toisc nár soláthraíodh sonraí ach le haghaidh 2023 amháin.*
*Foinse: Aighneachtaí ó na Ballstáit.*

**Léiríonn méid na gcaillteanas cumhachta ceannaigh i measc na n-oibrithe ar phá íosta an cumas atá ann córais cosanta pá íosta a choigeartú de réir boilsciú ard go tráthúil.** I roinnt tíortha nach bhforáiltear maidir le cosaint pá íosta ach i gcomhaontuithe comhchoiteanna amháin, bhí caillteanais fíorphá ag oibrithe a raibh na rátaí pá is ísle á dtuilleamh acu idir 2021 agus 2023, ach tá an scéal níos measctha i measc na mBallstát ina bhfuil pá íosta reachtúil. I gcás ina gceanglaítear go rachfar i mbun na cómhargála chun pá íosta a shocrú, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos mó ama coigeartuithe a dhéanamh i bhfianaise imthosca gan choinne amhail borradh a thagann faoin mboilsciú go tobann([15]). Ina theannta sin, cuirtear ionchais i leith boilsciú san áireamh sa phróiseas um shocrú pá ar bhealaí éagsúla ó Bhallstát go chéile. Mar sin féin, maolaíodh an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta i bhfianaise go raibh na rátaí pá is ísle sna Ballstáit, a bhraitheann ar chomhaontuithe comhchoiteanna maidir le cosaint pá íosta, sách ard go hiondúil i gcomparáid le pá íosta reachtúil i dtíortha eile san Aontas.

*Cumhdach na cómhargála*

**Tá éagsúlacht mhór ann idir rátaí cumhdaigh na cómhargála ó Bhallstát go chéile, agus cumhdaítear na hoibrithe uile le comhaontuithe comhchoiteanna i mBallstáit áirithe agus gan ach níos lú ná an cúigiú cuid á cumhdach i mBallstáit eile** (Graf 6). Bhí rátaí cumhdaigh cómhargála 100 % ag an mBeilg agus ag an Iodáil in 2023, agus bhí rátaí os cionn na tairsí 80 % ag sé Bhallstát breise, mar atá, an Ostair (94,9 %), an Spáinn (91,8 %), an Fhionlainn (88,8 %), an tSualainn (88 %), an Phortaingéil (83,3 %) agus an Danmhairg (81 %). Faoi bhun na tairsí sin, cumhdaíodh níos mó ná leath na n-oibrithe uile le comhaontuithe comhchoiteanna san Ísiltír (72,6 %), sa tSlóivéin (65,3 %) agus i Lucsamburg (57,3 %). Cumhdaíodh idir an cúigiú cuid agus leath na n-oibrithe sa Ghearmáin (49,5 %), sa tSeicia (42,4 %), sa Laitvia (31,6 %), i Málta (31 %), sa Rómáin (28,0 %), sa tSlóvaic (27 %) agus sa Chipir (24,9 %). Ar deireadh, tuairiscíodh go raibh na rátaí cumhdaigh cómhargála is ísle, faoi bhun 20 %, san

([15]) *Employment Outlook* [Ionchas Fostaíochta] ECFE (2023).

Eastóin (19,1 %), sa Bhulgáir (16,2 %), san Ungáir (14,8 %) agus sa Pholainn (11,6 %)([16]) . Idir 2021 agus 2023, is beag athrú a tháinig ar rátaí cumhdaigh cómhargála, cé is moite den Chipir, de Mhálta agus den Rómáin([17]) .

**Graf 6**: Rátaí cumhdaigh na cómhargála san Aontas, 2021-2023




*Nóta:* *Níor chuir an Chróit, an Fhrainc, an Ghréig, Éire ná an Liotuáin sonraí isteach le haghaidh aon cheann de na 3 bliana. D'úsáid Málta foinsí sonraí éagsúla le haghaidh gach bliain ar tuairiscíodh ina leith – an Suirbhé ar struchtúr tuillimh le haghaidh 2022 agus staidéar a rinne an Roinn Caidreamh Tionsclaíoch agus Saothair le haghaidh 2023. D'úsáid an tSualainn modh éagsúil chun cumhdach cómhargála a ríomh in 2021. Níor sholáthair an tSlóivéin, Lucsamburg, an Laitvia ná an Eastóin sonraí ach le haghaidh blianta sonracha.*

*Foinse:* *Aighneachtaí ó na Ballstáit.*

## CUID II: PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA CHUN AN CHÓMHARGÁIL A CHUR CHUN CINN

**Tá 18 mBallstát ann faoi láthair ina bhfuil ráta cumhdaigh na cómhargála níos ísle ná an tairseach 80 %** ([18]). Dá bhrí sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sin plean gníomhaíochta a bhunú chun an chómhargáil a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Treoir. Foráiltear leis an Treoir freisin go gcuirfear na pleananna gníomhaíochta ar fáil don phobal agus go dtabharfar fógra don Choimisiún ina leith. Cé nach sonraítear sprioc-am inti chun na pleananna gníomhaíochta a bhunú, is féidir é a bhaint de thátal aisti gur cheart é a dhéanamh gan moill mhíchuí.

**Ón 15 Meitheamh 2026 ar aghaidh, tá na pleananna gníomhaíochta faighte ó 12 Bhallstát ag an gCoimisiún** ([19]). Dá bhrí sin, tá raon feidhme na hanailíse teoranta do phleananna

([16])Mar gheall ar infhaighteacht sonraí, is le haghaidh 2022 iad na tagairtí do rátaí cumhdaigh cómhargála i gcás Lucsamburg agus na Laitvia sa chomparáid sin, agus is le haghaidh 2021 é an ráta don Eastóin.

([17])Sa Chipir, tá an laghdú a tuairiscíodh i gcomhréir leis an laghdú níos fadtéarmaí ar dhlús na gceardchumann a breathnaíodh sa tír. Sa Rómáin, is dócha go léiríonn an méadú a tuairiscíodh forbairtí institiúideacha amhail athchóirithe maidir leis an idirphlé sóisialta agus modheolaíocht an tomhais araon. Is mar gheall ar fhoinsí éagsúla sonraí a bheith á n-úsáid atá an meath ann i Málta.

([18])An Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, agus an Ungáir.

([19])An Bhulgáir, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia agus an tSlóvaic.

gníomhaíochta na mBallstát sin. Sna sé Bhallstát eile([20]) , tá na pleananna gníomhaíochta á bplé leis na comhpháirtithe sóisialta. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar staid na himeartha sna tíortha sin agus tá coinne aige leis go mbunóidh siad a bpleananna gníomhaíochta sna míonna amach romhainn.

**Mar a cheanglaítear leis an Treoir, bunaíodh na pleananna gníomhaíochta a fuarthas agus na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach iontu** ([21]). Sonraíonn formhór na mBallstát ina bpleananna gníomhaíochta gur bunaíodh iad tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta([22]) nó i gcomhaontú leo([23]) , agus sna cásanna eile is féidir é a bhaint de thátal as foinsí atá ar fáil go poiblí go ndeachthas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta([24]) .

**Tá amlíne shoiléir iontu uile chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine.** Tá formhór na bpleananna gníomhaíochta arna dtarchur chuig an gCoimisiún le cur chun feidhme laistigh de 5 bliana([25]) . Tá an tréimhse sin ag teacht leis an bhfad uasta ar cheart na pleananna a bheith i bhfeidhm lena linn sula ndéanfar an nuashonrú sainordaitheach orthu i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Treoir. Tá tráthchlár níos giorra – 2 bhliain – i gceist le pleananna gníomhaíochta áirithe ([26]) ina measc. Chomh maith leis an tráthchlár foriomlán, tá spriocdhátaí sonracha ag formhór na bpleananna gníomhaíochta le haghaidh gach ceann de na bearta atá iontu([27]) .

**Cuimsítear bearta coincréiteacha chun an chómhargáil a chur chun cinn sna pleananna gníomhaíochta a fuarthas freisin.** Leis an Treoir, fágtar faoi lánrogha na mBallstát na modhanna is fearr a chinneadh chun an cuspóir a bhaint amach maidir le cumhdach na cómhargála a mhéadú de réir a chéile. Maidir leis sin, d'fhéadfadh na Ballstáit spreagadh a fháil ó ionstraimí neamhcheangailteacha eile de chuid an Aontais, amhail an Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú([28]) , chomh maith le Treoirlíne 7 de Threoirlínte do Bheartas Fostaíochta an Aontais([29]) .

---

([20])An Chipir, an Chróit, an Ghearmáin, Lucsamburg, an tSlóivéin, agus an Ungáir.

([21])Sonraítear in Airteagal 4(2) den Treoir gur cheart pleananna gníomhaíochta a bhunú tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, trí chomhaontú leis na comhpháirtithe sóisialta, nó, tar éis iarraidh chomhpháirteach a fháil ó na comhpháirtithe sóisialta, mar a chomhaontaítear idir na comhpháirtithe sóisialta.

([22])An Bhulgáir, an Ghréig, an Eastóin, Éire, an Íslítír, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSlóvaic.

([23])An tSeicia.

([24])An Laitvia, Málta agus an Rómáin.

([25]) Is amhlaidh atá i gcás phleananna gníomhaíochta na Bulgáire, na Gréige, na hÉireann, Mhálta, na Polainne, na Rómáine, na Seicia agus na Slóvaice, atá le cur chun feidhme faoi 2030. I bplean gníomhaíochta na Liotuáine, a bunaíodh níos luaithe ná an chuid eile (2024), déantar foráil maidir le tráthchlár 4 bliana lena chur chun feidhme (ó 2024 go 2028).

([26])An Eastóin, an Íslítír agus an Laitvia.

([27])Cé is moite de na pleananna gníomhaíochta sin ón Eastóin, ón Laitvia agus ó Mhálta, nach leagtar síos ach tráthchlár foriomlán iontu.

([28])Moladh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (C/2023/1389), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023H01389

([29])Cinneadh (AE) 2024/3134 ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202403134

Is féidir na bearta coincréiteacha chun an chómhargáil a chur chun cinn a chuimsítear leis na pleananna gníomhaíochta a aicmiú, de réir a bpríomhchuspóra, sna sé phríomhchatagóir seo a leanas.

1) **Acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú.** Is é is aidhm do na bearta sin é a chur ar a gcumas do na comhpháirtithe sóisialta páirt níos éifeachtaí a ghlacadh sa chómhargáil ar na leibhéil uile. Is minic a chuimsítear oiliúint, forbairt scileanna agus malartú eolais leo. Cuimsítear bearta den sórt sin le 9 gcinn de na pleananna gníomhaíochta ón 12 Bhallstát ([30]).

2) **Feabhas a chur ar an gcreat rialála um chómhargáil.** Tá sé d'aidhm ag bearta sa chatagóir seo deireadh a chur le bacainní dlíthiúla agus nós imeachta, cearta agus oibleagáidí na gcomhpháirtithe sóisialta a shoiléiriú, agus an mhargáil a chumasú ar na leibhéil iomchuí (e.g. tríd an gcómhargáil ar an leibhéal earnála a éascú nó i gcomhthéacs cineálacha nua oibre). Déantar foráil maidir le bearta den chineál sin i bhformhór na bpleananna gníomhaíochta ([31]).

3) **Feasacht a mhúscailt agus tairbhí na cómhargála a chur chun cinn.** Leis na bearta sin, féachtar le haghaidh a thabhairt ar bhacainní faisnéise agus cultúrtha i measc oibrithe, fostóirí agus an phobail i gcoitinne. Is é feachtais faisnéise, foilseacháin nó tairseacha gréasáin atá iontu. Cuimsítear bearta ón gcatagóir sin in 10 gcinn de na 12 phlean gníomhaíochta([32]) .

4) **Feabhas a chur ar bhailiú, ar fhaireachán agus ar thrédhearcacht na sonraí maidir leis an gcómhargáil.** Tagraíonn an chatagóir seo do bhearta agus d'uirlisí amhail cláir na gcomhaontuithe comhchoiteanna, staitisticí maidir leis an gcumhdach agus comhaontuithe comhchoiteanna agus a gcumhdach a thuairisciú go tráthrialta. Cuimsítear bearta ón gcatagóir sin le 10 bplean gníomhaíochta([33]) .

5) **Dreasachtaí agus sásraí tacaíochta chun an chómhargáil a spreagadh.** Samplaí áirithe de na pleananna gníomhaíochta éagsúla faoin gcatagóir seo is ea dreasachtaí cánach a thabhairt isteach do chuideachtaí a bhfuil comhaontú comhchoiteann acu nó aonaid speisialaithe a chruthú laistigh de chomhpháirtithe sóisialta chun tacaíocht agus treoraíocht mhodheolaíoch a sholáthar i gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe comhchoiteanna. Déantar machnamh i seacht bplean gníomhaíochta ar bhearta is féidir a aicmiú laistigh den chatagóir sin([34]) .

6) **Sásraí um fhorfheidhmiú agus réiteach díospóidí.** Cuimsítear leis na bearta seo ról na gcigireachtaí saothair i bhforfheidhmiú na gcomhaontuithe comhchoiteanna a neartú agus oiliúint agus acmhainní breise a sholáthar d'idirghabhálaithe agus d'eadránaithe.

([30])An Bhulgáir, an Ghréig, Éire, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia agus an tSlóvaic.

([31]) An Bhulgáir, an Eastóin, an Ghréig, Éire, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an tSeicia agus an tSlóvaic.

([32])An Bhulgáir, an Eastóin, Éire, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia agus an tSlóvaic.

([33])An Bhulgáir, an Eastóin, an Ghréig, Éire, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, an Rómáin, an tSeicia agus an tSlóvaic.

([34])An Bhulgáir, Éire, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin.

Tá bearta den chineál sin le feiceáil i bpleananna gníomhaíochta ó shé cinn de na Ballstáit([35]) .

Sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo tá tuairisc níos mionsonraithe ar na bearta dá bhforáiltear leis na pleananna gníomhaíochta faoi gach ceann de na catagóirí sin.

*Measúnú ón gCoimisiún ar na pleananna gníomhaíochta*

**Is féidir a mheas go gcomhlíonann na pleananna gníomhaíochta uile a fuarthas na ceanglais dhlíthiúla a leagtar síos in Airteagal 4(2) den Treoir go foirmiúil.** Bunaíodh iad uile agus na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach iontu, agus tá amlíne shoiléir chomh maith le roinnt beart coincréiteach iontu atá dírithe ar ráta cumhdaigh na cómhargála a mhéadú.

**Ní mór measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bpleananna gníomhaíochta i bhfianaise shainiúlachtaí gach córais cómhargála náisiúnta.** I gcomhréir leis an Treoir, is é is aidhm do na pleananna gníomhaíochta méadú de réir a chéile ar an ráta cumhdaigh cómhargála a bhaint amach. Mar sin féin, níl aon mhodheolaíocht chaighdeánach ann chun measúnú *ex ante* a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart chun an chómhargáil a chur chun cinn, ós rud é go mbraithfidh sé sin go mór ar an gcaoi a gcuirtear chun feidhme iad sa chleachtas. Thairis sin, ní mór traidisiúin agus cleachtais náisiúnta maidir leis an idirphlé sóisialta a chur san áireamh i ngach cás.

**Sa deireadh thiar thall, léireofar éifeachtacht na bpleananna gníomhaíochta san fhorbairt a thiocfaidh ar rátaí cumhdaigh na cómhargála sna blianta amach romhainn.** Maidir leis sin, tá sé róluath fós na tátail a bhaint as maidir le cé acu is dócha nó nach dócha go n-éireoidh le gach plean gníomhaíochta an ráta cumhdaigh a mhéadú.

**An tráth céanna, is féidir réamhchonclúidí áirithe a dhéanamh cheana féin**:

- **Leibhéal na mionsonraí le haghaidh bearta institiúideacha.** Tugtar tuairisc i dtéarmaí coincréiteacha i bhformhór na bpleananna gníomhaíochta ar na bearta múscailte feasachta agus faisnéise a bheartaítear([36]) , rud a d’fhéadfadh rannchuidiú le timpeallacht níos fabhraí a chruthú don chómhargáil. Mar sin féin, is minic a bhíonn siad níos doiléire sa mhíniú a thugtar ar na hathruithe institiúideacha a thabharfar isteach amach anseo sa chreat cómhargála([37]) . I bhfianaise gur minic a bhíonn tionchar dearfach díreach ag bearta institiúideacha ar rátaí cumhdaigh na cómhargála, b’fhearr iad a shonrú i dtéarmaí níos coincréiteacha sna pleananna gníomhaíochta uile.

- **Amlíne lena gcur chun feidhme.** Cuimsítear tráthchlár foriomlán leis na pleananna gníomhaíochta uile lena gcur chun feidhme, ach ní leagtar síos spriocdhátaí sonracha i bpleananna áirithe ina measc le haghaidh gach beart aonair atá iontu([38]) . Maidir leis

([35]) An Bhulgáir, an Ghréig, Éire, an Ísiltír, an Rómáin agus an tSlóvaic.

([36])Amhail feachtais feasachta, tionscnaimh chun sonraí a bhailiú, nó cláir phoiblí de chomhaontuithe comhchoiteanna.

([37])Cé go sonraíonn Ballstát áirithe, amhail an Bhulgáir agus an Ghréig, ábhar na n-athruithe rialála atá beartaithe acu a thabhairt isteach, fágann Ballstáit eile, amhail an Laitvia, an Liotuáin nó an tSlóvaic, an cheist níos oscailte agus níl aon rud tugtha le fios acu maidir leis an ábhar a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis na hathruithe sin, nó ní dhéanann siad ach tagairt don ghá atá le tuilleadh staidéar agus anailíse.

([38])Is amhlaidh atá i gcás phleananna gníomhaíochta na hEastóine, na Laitvia agus Mhálta.

sin, is féidir a mheas gur dea-chleachtas é sprioc-amanna idirmheánacha agus garspriocanna idirmheánacha a leagan síos, toisc go bhféadfadh sé cuidiú le dul chun cinn seasta a áirithiú agus faireachán níos fearr ar an gcur chun feidhme a chumasú.

- **Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta san fhaireachán ar an gcur chun feidhme.** Cé go bhfuil tagairtí sna pleananna gníomhaíochta uile don fhaireachán ar a gcur chun feidhme (in éineacht le táscairí mionsonraithe i gcásanna áirithe), ní fhoráiltear go sainráite ach i bpleananna áirithe ina measc go mbeidh comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach sa chúram sin ([39]). Meastar gur dea-chleachtas é sin freisin, ós rud é go mbeidh comhpháirtithe sóisialta i riocht a mheas de ghnáth an bhfuil na bearta atá sa phlean gníomhaíochta á gcur chun feidhme i gceart sa chleachtas.

## CONCLÚID

**Idir 2021 agus 2023, tháinig méadú ar an bpá íosta náisiúnta i ngach Ballstát.** I dtuairim is leath de na Ballstáit, déanann na méaduithe caillteanas na cumhachta ceannaigh mar gheall ar bhoilsciú ard a fhritháireamh. Tháinig ardú níos láidre ar an bpá íosta freisin i dtíortha ina raibh sé níos ísle, rud a chuidigh le tacú le cóineasú aníos pá íosta, i gcomhréir le cuspóirí na Treorach.

**Sna Ballstáit ina soláthraítear cosaint ar phá íosta trí chomhaontuithe comhchoiteanna amháin, bhí éagsúlacht mhór sna rátaí pá is ísle a comhaontaíodh go comhchoiteann**. I bhformhór na dtíortha, bhí méaduithe ar na rátaí pá is ísle a comhaontaíodh go comhchoiteann le linn na tréimhse tagartha faoi bhun an bhoilscithe. Mar sin féin, maolaíodh é sin go páirteach toisc go raibh na rátaí sin níos airde go ginearálta ná na rátaí i dtíortha ina bhfuil pá íosta reachtúil.

**Tá 18 mBallstát ann faoi láthair ina bhfuil ráta cumhdaigh na cómhargála níos ísle ná an tairseach 80 %** . Dá bhrí sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sin plean gníomhaíochta a bhunú chun an chómhargáil a chur chun cinn i gcomhréir leis an Treoir. Mar sin féin, amhail an 15 Meitheamh 2026 ar aghaidh, ní raibh na pleananna gníomhaíochta faighte ag an gCoimisiún ach ó 12 Bhallstát.

**Comhlíonann na pleananna gníomhaíochta a dtugtar fógra ina leith don Choimisiún na ceanglais a leagtar amach sa Treoir.** Bunaíodh iad le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus tá bearta nithiúla iontu chun cómhargáil a chur chun cinn mar aon le hamlíne shoiléir dá gcur chun feidhme. Sainaithníodh i réamh-mheasúnú roinnt dea-chleachtas, amhail mínithe mionsonraithe a thabhairt isteach ar na bearta institiúideacha atá beartaithe. D'fhéadfadh sé gur mhian leis na Ballstáit na gnéithe sin a chur san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe agus an nuashonraithe a dhéanfar amach anseo ar a bpleananna gníomhaíochta.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar thionchar na bpleananna gníomhaíochta ar éabhlóid an ráta cumhdaigh cómhargála sna Ballstáit lena mbaineann agus déanfaidh sé athmheasúnú ar éifeachtacht na bpleananna gníomhaíochta sin sa chéad tuarascáil thréimhsiúil eile uaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi Airteagal 10(3) den Treoir.

([39])An Ghréig, an Pholainn an Rómáin, an tSlóvaic, agus an tSeicia.